



## LÁ FHÉILE PÁDRAIG FAOI MHAISE DAOIBH

TAOBH ISTIGH:	
Ceacht beag	2
16th Century Gaelic Sentiment	2
Íoslainn an Bhróid	2
Leitheoirí Aigne	3
Scéal Grinn	3
Lá Mór na Gaeilge	4
Bikini Body Bootcamp	5
Athbhreithniú Scannán	5
Cuairt an Uachtaráin	6
An Ghaeilge i nDomhnach Cearna	6
Turas go Carna	7
Geandála ar Líne	7
Ag foghlaim óna chéile	8
Féinphiceanna	8
Lá Fhéile Pádraig	9
Naomh Pádraig	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Ag rothaíocht sa chathair	11
Shamrock Rovers	12
Craobh- chomórtais Chlubanna na hÉireann	12



# AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

*Ná labhair faoi ach déan é*

IMLEABHAR 1 EAGRÁN 3

MÁRTA 2014

## SEACHTAIN NA GAELIGE - GLAC PÁIRT INTI

Beidh Seachtain na Gaeilge ar siúl ar fud na tíre ó 1-17 Márta. Beidh eolas faoi na himeachtaí éagsúla le fáil ar [snag.ie](http://snag.ie). Chuir Conradh na Gaeilge tús leis an fhéile i 1902 agus le blianta beaga anuas tá sé ag dul ó neart go neart. Sin an fáth go bhfuil an tseachtain ina coicís an bhliain seo! Seoladh Seachtain na Gaeilge Dé Sathairn 1 Márta le féile sráide i gCill Airne. Bhí ceolchoirm saor in aisce ag Seo Linn (grúpa cáiliúil a thug popliricí Avicii, Maclemore agus araile i nGaeilge dúinn). Críochnoidh an “tSeachtain” go hoifigiúil le Ceiliúradh Phobal na Gaeilge i Halla Chathair Bhéal Feirste le hArd-Mhéara na cathrach, Máirtín Ó Muilleoir, ar Lá Fhéile Pádraig féin.



Ciarán Kilkenny, Lynette Fay agus Máire Treasa Ní Dhubhghail, ambasadóirí Seachtain na Gaeilge 2014

Is iad Ciarán Kilkenny, Lynette Fay agus Máire Treasa Ní Dhubhghail ambasadóirí Seachtain na Gaeilge. Imreoir peile d’Átha Cliath é Ciarán a d’fhreastal ar Ghaelscoil Scoil Oilibhéir i mBaile Bhlainséir agus ar Ghaelcholáiste Scoil Chaitríona i nGlas Naíon. Tagann Lynette ó Thír Eoghann agus tá sí ina láithreoir raidió agus teilifíse ar chlár mar *Blas, I lár an Aonaigh* agus *Opry an Iúir*. Tá cáil ar Máire Treasa mar láithreoir *Rugbaí Beo* ar TG4. Is as Indreabhán í agus tá Gaeilge ón gliabhán ([cradle](http://cradle)) aici.

## DÚSHLÁN DÁR LÉITHEOIRÍ

Cad atá sibh ag déanamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn i do cheantar. Conas is féidir libh an teanga a chur os comhair an phobail in bhur dtimpeall? Tugann na maidineacha caife seans do dhaoine an Ghaeilge a chloisteáil á labhairt ag gnáthdhaoine i suíomh sóisialta. Déan iarracht freastal ar an méid ócáidí is féidir libh i rith na coicíse seo. Ná bí cúthaileach (*self-conscious*) faoi do chuid Gaeilge. Múscail do bhróid agus do mhórtas chine. Chaith d’fháinne agus úsáid “*Go raibh maith agat*” sna siopaí. Nuair a labhraíonn tú i nGaeilge tá tú ag cothú na teanga, teanga atá ann ó roimh aimsir Naoimh Pádraig. Tá páirt ag gach aon duine atá báúil don Ghaeilge sa chath chun í a shábháil. Déan do chuid! **Beatha teanga í a labhairt.**





## CEACHT BEAG NA GAELIGE - HOW TO SAY I WOULD LIKE / I WOULD NOT LIKE / WOULD YOU LIKE?



The following four little words are the key: **ba.... níor.... ar....? nár....?**  
 ba mhaith liom .... I would like / níor mhaith liom.... I wouldn't like  
 ar mhaith leat...? would you like...? / nár mhaith leat...? wouldn't you like?

**NOTE:** 'ba mhaith' and 'níor mhaith' mean 'yes' and 'no' in the short dialogue below:

Seán: “A Aoife, táim i ngrá leat. Ar mhaith leat teacht amach liom anocht?”

Aoife: “Go raibh maith agat, a Sheáin ach níor mhaith (liom).”

Seán: “An bhfuil tú i ndáiríre - agus cén fáth nár mhaith leat teacht amach le stócach breá dathúil 's fearúil amhail mise?”

Aoife: “Níor mhaith liom dul amach leat mar tá sé díreach ráite agat! Ba mhaith liom dul amach le Pheadar id' ionadsa. Slán”.

### SIXTEENTH CENTURY GAELIC SENTIMENT


Sa séú haois déag bhí coimhlint ghéar ann in Éirinn idir na Sasanaigh (Banríon Éilis a hAon) le cabhair óna dtacadóirí agus na Gaeil. Bhí siad ag iarraidh smacht a chur ar an tír seo agus na hÉireannaigh a mhúnlú agus a dhéanamh ina Sasanaigh deas dea-iompaithe, iad a thabhairt chun sibhialtacht a d'fhéadfá a rá. Do ghoill seo ar an uaisle (**nobility**) in Éirinn. Ba mhór an teagmháil a bhí ann idir an dá thaobh agus b'í an meon intinne a bhí ag muintir an ama sin ná: ‘drann an madra nó gáire an tSasanaigh’ (**‘the growl of the dog is the same as the laugh of an Englishman / beware an Englishman’s laugh’**). Ní bheadh sé de réir na dtuairimí ‘cearta’ poiblí bheith ag smaoineamh mar sin sa lá atá inniu ann ach sin mar a bhíodh siar sna laethanta sin.

*Ben Mac Lochlainn*

### “ÍOSLAINN AN BHRÓID”

Ag tús géarchéim eacnamaíochta na hEorpa nó, más maith leat, ag tús deireadh ré an Tíogair Cheiltigh, dúradh sna meáin Bhéarla gurbh í an t-aon difríocht idir Éire agus an Íoslainn ná an litir C — **“the only difference between Iceland and Ireland is the letter C”**. Bhuel, ó thaobh cúrsaí litríochta de tá sin ceart ach ó thaobh cúrsaí teanga de tá éagsúlacht eile níos suntasaí ann. Greamaithe thuas i bhfad as san Atlantach

Thuaidh atá an tír suite - tír atá beagánín níos mó ná ár dtír féin ach le daonra i bhfad níos lú ar 300,000 duine. Bhí sé chomh hiargúlta ón gcuid eile den Eoraip ná nach raibh sí páirteach sa Chomórtas Amhránaíochta Eoraifise (**Eurovision Song Contest**) go dtí cúpla bliain ó shin.



Ach tá a teanga féin ag an Íoslainn atá le cloisteáil gach lá. Cé gur tír bheag í ar stáitse an domhain, is pobal faoi leith iad agus is í teanga na nÍoslannach a chothaíonn an difríocht seo. Ar ndóigh, ní mór a rá freisin go bhfuil Béarla ar a dtail ar nós na dtíortha Chríoch Lochlainn i gcoitinne. Ach ardaíonn seo go léir an cheist: cad chuige go mbíonn daonra beag mar sin in ann teanga laethúil a choimeád slán beo nuair nach mbíonn sí á labhairt ach ag 300,000 duine?

D'fhéadfá a rá fiú go bhfuil níos mó cainteoirí Gaeilge ann ná mar atá cainteoirí na hÍoslainnise toisc go bhfuil daonra níos mó in Éirinn. Mar sin - cad is cúis leis an staid shuimiúil

seo? Dá gcuirfeá an cheist sin ar chéad duine gheofá céad freagraí éagsúla uirthi. Ach in ainneoin go bhfuil cúrsaí ag iompú go mall ar son na teanga in Éirinn tá rud amháin a gcabhródh léi b'fhéidir. Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge níos feiceálaí in áiteanna nach mbeifeá ag súil len í a fheiceáil, m.sh., I ndeochlanna, in ionaid siopadóireachta, i mbialanna, i bpictiúrlanna agus in áiteanna eile siamsaíochta, in áiteanna ina



bhfrestalaíonn daoine. Tá tús maith ann cheana féin leis na fógraí dátheangacha ar bhusanna, ar thraenacha, srl. Dá mbeadh an Ghaeilge le feiceáil agus le cloisteáil i ngach áit, rachadh daoine i dtáithí uirthi go tapa agus ghlacfaidís léi níos mó mar an gnáthrud. Mar tig linn bheith sách cinnte de go bhfuil i bhfad níos mó daoine le cumas labhairt na Gaeilge ann inár measc ná mar a cheapfá. *Ben Mac Lochlainn*



## AN BHFUILIMID LE BHEITH INÁR LEITHEOIRÍ AIGNE (mind readers)?

Má tá rud amháin a chuireann isteach orm nó a ghoilleann orm, is iad na tiománaíthe nach gcomharthaíonn agus iad ag iompú clé nó deis. An



é go gceapann siad go bhfuilimid in ann a aigne a léamh - go bhfuil fhios againn cad atá siad ar tí a dhéanamh? Tugadh pointí pionóis bhreise isteach ag na Gardaí an bhliain seo

chun an caighdeán tiomána ar na bóithre a fheabhsú ach go bhfios dom ní raibh faic ann ó thaobh bheith ag comharthú faoi chlé nó faoi dheis. Nuair a bhíonn an teastas tiomána á dhéanamh ag duine, nach é sin an chéad nó an dara rud a mhúintear - gur chóir comharthú in am a dhóthain go bhfuil tú ag casadh nó ag iompú? Uaireanta freisin bíonn gluaisteán ag comharthú mar gur dhein an tiománaí dearmad an solas a mhúchadh. 'Sé an fhadhb mar gheall ar seo ná, nuair a fheiceann tú solas ag splancadh ar ghluaisteán, ní féidir leat bheith cinnte cad atá i ndán. Uaireanta freisin, bíonn gluaisteán ag comharthú mar gur dhein

an tiománaí dearmad an solas a mhúchadh. I bhfocal eile, ní bhíonn fhios agat ar chuir sé an solas ar lasadh d'aon ghnó nó nár rith sé leis go bhfuil an solas fós ag splancadh. Ní bhíonn fhios agat an bhfuil tú ag teacht nó ag imeacht! Agus is cuma fear nó bean thú bímid go léir ciontach as, is dócha, ó am go chéile. De réir staitisticí *Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre*, maraíodh 162 duine ar ár mbóithre i



2012. Sa bhliain atá imithe, 2013, tá ardú suntasach tagtha ar an líon daoine a fuair bás ar na bóithre - 190 básaithe. Ar ndóigh bhí coisithe, rothaithe, gluaisrothaithe agus eile ina n-íospartaigh (victims) timpiste bhóithre. Ar tharla cuid do na timpiste seo mar thoradh gur theip tiománaí a chomharthú go rabhadar chun casadh ar chlé nó ar dheis?



### SCÉAL GRINN - TÁ BREAC SA BHAINNE

Tháinig cuairteoir isteach i dteach ósta chun béile maith a fháil.

Thug an freastalaí cuach d'anraith glé dó.

Chonaic an fear cuileog san anraith agus go díreach ansin, shín sé a mhéar i dtreo na feithide "Ó," arsa an freastalaí, "Calloog, an ea?"

"Calloog," dúirt an fear "Ní hé sin an focal ceart. Is 'cuileog' í - tá sí baininsneach."

"In ainm Dé, nach bhfuil súil ghéar agat!"

#### FOCLÓIRÍN

chun béile maith a fháil - **to have a nice meal**

an freastalaí - **the waitress**

cuach d'anraith glé - **a bowl of clear soup**

cuileog - **a fly**

go díreach ansin - **and straight away / immediately**

shín sé a mhéar i dtreo - **he pointed to**

na feithide - **the insect**

calloog, an ea? - **a fly is it?**

dúirt an fear - **said the man**

ní hé sin an focal ceart - **that's not the right word**

is 'cuileog' í, - **the word is 'cuileog',**

tá sí baininsneach - **it is feminine**

in ainm Dé - **in the name of God**

nach bhfuil súil ghéar agat - **haven't you got great eyesight**



Cad is ainm an chrainn ar a bhfásann an dearcán (acorn)?

An Dair

Cad is ainm do Dhia Ghréagach an Ghrá?

Eros

Cad a théann suas, gan teacht anuas riamh?

d'aoisi



## LÁ MÓR NA GAEILGE - DEARG LE FEARG

Thosaigh an aistroid (**fightback**) ar an 15 Feabhra. Sheasamar, na Gaeil, an fód agus thugamar an dúshlán do naimhde na teanga. Bhí na mílte i láthair ar an lá, daoine ó gach aicme, idir óg agus aosta, fir agus mná, lucht na tuaithe is na cathrach, daoine ón Ghaeltacht agus ón Ghalltacht, Tuaisceartaigh is Deisceartaigh, Iartharaigh is Oirthearaigh, linbh i bpramanna, páistí bunscoile is meánscoile, mic léinn, oibreoirí agus pinsinéirí, iad go léir “**dearg le fearg**”. Bhí an aimsir go maith agus bhí an slua dea-bhéasach. De réir na dtuairiscí bhí idir 5,000 agus 10,000 ann. Tosú maith ach, faraor, ní fiú an deichiú chuid den obair. Caithfimid, tacadóirí na Gaeilge, an bhrú a choimeád ar an Rialtas.

Tús feachtais a bhí ann agus ní deireadh troda, céim bheag amháin i gcosaint na Gaeilge. Tá bóthar fada romhainn chun cearta, cothromas agus cóir a fháil don Ghaeilge thuaidh agus theas.



Ben MacLochlainn, Beítí Mhic Mhathúna agus Phyllis Uí Lochlainn ag siúl ar son a gcearta



### CEIST

An raibh tú ag an Mórshúil?  
nó an bhfaca tú féin an Grá  
nó an bhfaca tú gile,  
finne agus scéimh na nGael?

Nó ar chuala tú an Teanga  
b'ársá is ba bhinne fuaim?  
nó an bhfaca tú na Gaeilgeoirí  
Nó an bhfuil siad dhá chloí mar táid á rá?

Ó bhí mé ag an Mórshúil,  
is chonaic mé mé féin an Grá  
Ó chonaic mé gile  
finne agus scéimh na nGael

Ó chuala mé an Teanga  
b'ársá is ba bhinne fuaim  
Agus chonaic mé na Gaeilgeoirí  
agus níl muid cloíte ná baol air

### Conamara, 23 Feabhra 2014

Tógadh an dara chéim san Fheachtas nuair a shiúil beagnach míle duine i gConamara ó Oifig an Choimisinéara Teanga go dtí Oifigí na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ag lorg a gcearta sibhialta.

### Béal Feirste, 12 Aibreán 2014

Beidh Lá Dearg chun Cearta, Cothromas agus Cóir a fháil don Ghaeilge sna Sé Chontae ann i mBéal Feirste, 12 Aibreán ag 2.00 pm ag tosú ag An Chultúrlann, Bóthar na bhFál. Tháinig siad go Baile Átha Cliath chun seasamh linn. Anois tá seans againn ár dtacaíocht a thabhairt dóibh. Bí ann más féidir leat. Caithfimid seasamh gualainn ar ghualainn lenár chomh-Gaeil ó Thuaidh.

ACHT GAEILGE ANOIS

## BIKINI BODY BOOTCAMP - ACLÁÍOCHT PHEARSANTA *Lynnette O'Brien*

Níl aon duine is dócha nach bhféachann air féin sa scáthán ó am go chéile. Muise, tá daoine ann a deir nach mbreathnaíonn muid orainn féin a dhóthain. Agus ansin nuair a fheicimid an rud ag stánadh amach ar ais orainn ón scáthán bíonn áthas nó a mhalairt orainn. Cén fáth? – mar teastaíonn uainn go mbíonn fíor dheas agus figiúr deas againn. Is ea, ach tá cúis eile ann, cúis níos tábhachtaí, ar chóir dúinn sracfhéachaint a thabhairt ar ár gcorp anois is arís agus is í sin an tsláinte.

Ba chóir go mbeadh suim againn san aclaíocht phearsanta (**personal fitness**) ní amháin chun go mbeidh tú ag 'breathnú go maith' ach mar tá an aclaíocht phearsanta seo rí-thábhachtach do shláinte agus d'fholláine an duine. Ní chreidim gur chóir tabhairt faoi chleachtaí ach amháin chun meáchain a chailliúint – tá sé níos tábhachtaí bheith sláintiúil. Má itheann tú go ciallmhar agus má chuireann tú siúlóid ort go mion minic caillfidh tú an meáchan. Tá a leithéid ann ar a dtugtar '**bikini body bootcamp**' agus is é an buntáiste i scéim mar seo ná go gcailltear meáchan, cuirtear teannas ar na matáin agus cuireann sé leis an mheitibileacht (**metabolism**). Tá trí thréith den aclaíocht ann, **(1)** na ciorcaid (**circuits**): is sraith é seo do chleachtaí lúith nó aclaíochta a dhéantar ceann i ndiaidh a chéile ag caitheamh thart ar nóiméad amháin ar gach ceann roimh dhul go dtí an chéad cheann eile ag bogadh thart i gcorcail an t-am go léir, **(2)** cloiginí citil (**kettlebells**): is meáchan é seo le lámh a bhfuil cruth citil air a neartaíonn na matáin agus a dhóinn an tsail agus a méadaíonn an fuinneamh (**energy**), **(3)** meascán den dornálaíocht agus den aclaíocht (**Boxercise**): baineann sé seo le sláinte an chroí agus caitear lámhainní agus pillíní. Baintear an-taitneamh as agus cuirtear a lán allais!

Bí páirteach le Tricia don **Bikini Body Bootcamp** san Ionad Phobal '*Le Chéile*' Dé Luain 8-9 pm, Dé Máirt 10-11.00 am & 8-9 pm, Dé Céadaoin 10-11.00 am & 8-9 pm agus Dé Déardaoin 10-11 am & 8-9 pm.

*(Is múinteoir cáiliúil i Lynnette O'Brien i Personal training and health & Safety & Nutrition)*

<http://www.facebook.com/triciasbikinibodybootcamp?fref=ts>


ag stánadh - **staring** • fíor dheas - **a nice figure** • sláinte agus folláine - **health and well being** • meáchan - **weight** • tabhairt faoi - **to take up / engage in** • cuireann sé leis an ... - **it helps the ...** • meáchan le lámh - **weight with a handle** • matáin - **muscles** • a dhóinn an tsail - **that burns the fat** • lámhainní agus pillíní - **gloves and pads** • cuirtear a lán allais - **you sweat a lot** • a leithéid - **such a thing**

## ATHBHREITHNIÚ SCANNÁN

*Séamus Ó Loinsigh*

Tá clú agus cáil tuillte cheana féin ag an scannán nua ó Steve McQueen, '**12 Years a Slave**' agus roghnaíodh é mar an scannán is fearr ag na gradaim 'Oscars' i dtús na míosa.

Is fíor scéal é atá bunaithe ar shaol an fhir ghoirm, Solomon Northup, a bhí ag cur faoi ag tús an 19ú haois déag i Nua-Eabhrac lena bhean chéile agus a mbeirt pháiste. Bhí siad saor socair acu ansin go dtí gur fuadaíodh Solomon sa bhliain 1841. Bhí an sclábhaíocht fós i réim sna Stáit sa Deisceart an tráth seo agus is ann, thart ar New Orleans, a d'fhulaing sé gach uile uafáis mar sclábhaí go dtí gur éirigh leis éalú sa deireadh thiar in 1853. Agus é ar ais slán i measc a mhuintir i Nua-Eabhrac scríobh sé a dhírbheathaisnéis. Ba sin tús an scannáin atá stiúrtha ag McQueen – fear gorm ó Shasana, a léirigh an scannán '**Hunger**' cúpla bliain ó shin faoin stailc ocras i 1980 i dTuaisceart Éireann.



Cuimhnigh gur chualamar cheana faoi sclábhaí gorm eile a theith óna Stáit ar bord loinge agus a tháinig chugainn in Éirinn ar chamchuart aimsir an Ghorta Mhóir. Ba sin Frederick Douglass a bhí i ngéibheann ar phlandáil cadáis nuair a chuala sé faoi Dhónall Ó Conaill s'againne agus conas ar éirigh leis an Fhuascailt Chaitliceach a bhaint amach in 1829. Chuaigh an t-éacht sin go mór i bhfeidhm ar Douglass, agus táim cinnte de go rachaidh scéal Solomon Northup go mór i bhfeidhm oraibh. Is fiú go mór é a fheiceáil ar an scáileán mór sa phictiúrlann seachas feitheamh go dtiocfaidh sé amach ar an teilifís nó ar DVD.

**NÓTA BREISE:** Scríobh John Mitchell, údar '**Jail Journal**' gurbh é díothú cine a bhí idir lámha ag Rialtas na Breataine aimsir an Ghorta Mhóir in Éirinn ach de réir dealraimh ní raibh aon deacracht aige le brúidiúlacht na sclábhaíochta ar a phlandáil cadáis féin i nDeisceart na Stát.



## CUAIRT AN UACHTARÁIN AR DHOMHNACH CEARNA *le Tina Walsh*

Bhí ceiliúradh deich mbliana den Ionad Pobail 'Le Chéile' i nDomhnach Cearna ar an 22 Feabhra 2014.



*An t-Uachtarán le lucht na maidine chaifé*

Bhí Uachtarán na hÉireann, **Micheál D. Ó hUiginn**, i láthair ag an ócáid. D'oscail iar-Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa, foirgneamh 'Le Chéile' ar an dáta céanna deich mbliana ó shin. Chun an ócáid a cheiliúradh tionóladh 'Lá Mór na Clainne' don phobal áitiúil agus do dhaoine ón gceantar máguaird. *"Bá é an téama don bhliain seo s'againne ná 'Le Chéile' a chiallaíonn 'Together.'* Ceiliúraimid aistear fada an Ionaid chun bheith ina phríomhsholáthraí seirbhísí don phobal a éascaíonn (**facilitates**) breis is céad míle cuairteoir in aghaidh na bliana agus a dtairgeann níos mó ná 8,400 uaire de sheirbhísí," arsa Tina Walsh atá ina mbainisteoir ar an Ionad. *"Bhí an tIonad mar fhís ag oibríthe áitiúla deonacha mar áit chun áiseanna (**facilities**) sóisialta agus oideachais níos fearr a chur ar fáil i nDomhnach Cearna. Inniu, tá samhail fiontair (**enterprising model**) maith againn ina dtugann daoine áitiúla*

seirbhísí do mhuintir na háite. Tá na háiseanna spóirt agus folláine (**fitness**) agus tionóil (**meeting**) s'againne sách oiriúnach don uafás ranganna agus cúrsaí. Is é aidhm an *Ionaid don Phobal & don Ógra* ná áiseanna, seirbhísí agus gníomhaíochtaí (**activities**) a chur ar fáil don phobal de gach aois in Ard Aidhin, i gCill Easra, i mBeaumont agus i Muirine. Síneann réimse na ranganna ó rince duine ar dhuine go dtí coinbhinsiúin aclaíochta (**fitness**) deireadh seachtaine. Clúdaíonn na seirbhísí 'teacht le chéile' fáil ar agallaimh, ar chúrsaí oiliúna, ar cheardlanna agus ar ócáidí poiblí. Tugtar áit faoi leith freisin do pháistí óga i 'Lé Chéile' trí chóisir bhreithlá a thionóladh dóibh.

## AN GHAELIGE I NDOMHNACH CEARNA - AN MHAIDIN CHAIFE

Tá an mhaidin chaife '*as Gaeilge*' ar siúl anois san Ionad Pobail '*Lé Chéile*' taobh le Séipéal Muire Mháthar an Dóláis i nDomhnach Cearna le thart ar bhliain go leith agus tá cáil air anois as an áit le dul ar an Déardaoin má theastaíonn ag duine a chuid Gaeilge a chleachtadh. Bainisteoir na háite, nach Éireannach í (is ón Fhionlainn í), is ea Tina Walsh agus tá gach tacaíocht tugtha aici dúinn ón gcéad lá. Tá an scéal mar an gcéanna leis an fhoireann go huile. Bíonn idir seisear agus dháréag ann gach seachtain agus bíonn fadhbanna an domhain á réiteach againn thar chupán tae nó caife agus briosaí nó cístí. Uaireanta, tagann daoine agus ní fheiceann tú riamh arís iad ach níos minice tagann daoine nua agus leanann siad ag teacht. Tá sé ráite ag daoine go bhfuil ionadh orthu cé chomh tapa agus a chuimhnítear ar an Ghaeilge a bhí dearmadta acu ón scoil - agus nach é sin an rud a mbíonn á gcloisteáil againn an t-am go léir.

Maidir leis na maidineacha caife seo, cé go dtugann siad daoine le chéile chun an Ghaeilge a cleachtadh, rud atá le moladh, tá buntáiste beag ag baint leo nach bhfuil ag an 'ciorcal comhrá' dar linne. Mar shampla, is féidir ciorcal comhrá a réachtáil nó a bheith agat i seomra príobháideach i do theachsa, i seomra scoile, i leabharlann agus mar sin de. Ach cé go mbítear ag Gaeilgeoireacht tá sé ag tarlú in áit a mbíonn saghas 'dúnta' don phobal. Ar an taobh eile de, bíonn an 'mhaidin chaife' ar siúl in áit atá 'oscailte' don phobal - 'sé sin le rá go mbíonn daoine eile, nach Gaeilgeoirí iad, ann chomh maith.

De ghnáth bíonn an mhaidin chaife i mbialann nó áit eile mar Ionad Pobail ina mbíonn daoine mórthimpeall ort. Ciallaíonn sé seo go gcloistear an Ghaeilge á labhairt i gcomhthéacs sóisialta taobh amuigh den rang scoile, b'fhéidir den chéad uair riamh! Agus sa tslí sin tá tú ag cothú bolscaireachta agus dea-phoiblíochta don teanga. Tarlaíonn sé ó am go chéile go dtagann duine trasna chugat le míongháire ar a bhéal agus deir *"Sin í Gaeilge atá á labhairt agaibh, nach í? Is deas í a chloisteáil. Thaitin sé go mór liom ar scoil ach tá sí go léir dearmadta agam anois"*. Agus cad é an rud a deir tú leis nó léi ansin?

.....'Sea, tá an ceart agat!





## TURAS GO DTÍ CARNA NA GAILLIMHE

le Séamas Ó Mhuineacháin

Nuair a shroicheamar stáisiún Ceannt bhí mionbhus ag fanacht orainn agus chuamar go dtí An Spidéal. Thógamar sos sa bhaile agus cheannaigh muid anraith agus tae. Bhí an tseirbhís an-mhaith agus í trí Ghaeilge. Chuamar go Leitir Móir agus bhí cailín álainn ann a chan amhrán shean-nós agus muid i lár an bhóthair. Chanamar “*Peigín Leitir Móir*” le chéile. Bhí fear as TG4 ann, fear as clár comhrá, é an-deas agus an-chairdiúil. Bhí sé an-mhaith san óstlann san oíche. Bhí bia ar fáil agus bhí banna ceoil ag seinm le daoine ag damhsa agus ag canadh amhrán ar feadh na hoíche. Bhí oíche mhaith againn ann. Dé Domhnaigh chuamar ar Aifreann as Gaeilge agus bhí sé á geraoladh ar RnaG. Ina dhiaidh sin chuamar go dtí an mionbhus agus bhí turas beag againn go seanreilig. Bhí Séamus Ennis curtha ann. Ba fhear é a raibh clú agus cáil air. Ba chumadóir é freisin. Chuaigh sé go dtí Bostún, áit ar fhoghlaim sé Béarla. Ba bheag Béarla a bhí aige roimh dhul ann. Chanamar cúpla amhrán sa reilig agus cheap daoine áitiúla go raibh muid as ár meabhair! Bhain mé an-taitneamh as an turas. Bhí dream maith ann sa bhus agus iad go léir an-chairdiúil. Bhí an-spraoi ag Liam agus Roibéard a bhuí le Stiofán Ó hAoláin. Rinne seisear an-obair leis an turas go léir a eagrú. Maith an fear!

### TURAS LAE GO BÉAL FEIRSTE

Dé Sathairn 22 Márta: Treoraí Scott de Buitléir  
Costas: €25 in aghaidh an duine. Níl na béilí ná an Turas sa Tacsáí Dubh (€10 an duine) san áireamh.  
**Íoc roimh Dé Céadaoin 19 Márta** ag Wild Rover Tours, Oifig Turasóireachta BhÁC, Droichead Uí Chonaill, 33 Siúlán Bhaitisiléir, BÁC 1.  
T: +353 1 284 5560. E: [info@wildrovertours.com](mailto:info@wildrovertours.com)  
<http://wildrovertours.com>

### MÍ NA MÁRTA ANALLÓD

Ar an 10 Márta 1876 chuir Alexander Graham Bell an chéad ghlaoch gutháin. Tugadh an chéad ghlaoch trasatlantach ar an 7 Márta 1926. Rugadh Albert Einstein (*Theory of Relativity*) ar an 14 Márta 1879. Tharla an phléasc núicléach ba mhó agus ba bhaolaí i bhFucúsíma na Seapáine i 2011. Ag CERN i nGinéive na hEilvéise tháingadar ar an gcáithnín Higgs boson ach bheadh ort bheith id' fhisiceoir núicléach chun a thábhacht a thuiscint i gceart. Aon duine a rugadh ar an 17 Márta 1950 - beidh sé/sí 64 bliain d'aois an bhliain seo!

### GEANDÁLA AR LÍNE (Online Dating)

Is dócha gur dosheachanta é mar is féidir an oiread sin a fheiceáil agus a dhéanamh anois ar líne má tá ríomhaire agat. Ach nach mbaineann sé cuid den spraoi den phróiseas go léir? Seolann tú d'ainm agus d'aois chomh maith le do shuimeanna isteach chuig ríomhaire eile agus cuireann sé thú in oiriúint le hainm eile a cheaptar atá cosúil i ngach rud leat! B'fhéidir go mbeadh an t-ádh leat agus go ngeofar duine deas. Ach b'fhearr liom an tseanslí, tú féin a ghléasadh suas agus do thriall a dhéanamh ar Chlog Clearys -*Tadhg, 71 bl. d'aois.*



Is OCHTAPAS é seo. Tá ocht ngéag, dhá shúil mhór agus fuil dhubh aige nó aici (conas is féidir idirdhealú a dhéanamh eatharthu? Má tá a fhios ag aon duine sheol ríomhphost chugainn). Má theastaíonn uait é nó í a mharú, caithfidh tú an t-ainmhí a sádh idir na súile. Anois, má fheiceann tú ceann i bPort Mearnóg tá fhios agat cad ba chóir duit a dhéanamh!!!



### CÉ HÍ AN BHEAN SEO?

Rugadh i Sasana í sa bhliain 1925. Bhí ról idir bheag agus mhór aici i mbreis ná caoga scannán agus cláir teilifíse. Bhí sí le feiceáil ar an scáileán beag sna seascaidí sa tsraith '*The Avengers*' agus glac sí páirt mar Pussy Galor sa scannán '*Goldfinger*' le Seán Connery i 1964. Sna blianta is déanaí bhí sí páirteach sa chlár ospidéal sin *Casualty*. Tá sí beo fós.



### Who is this Woman?

She was born in England in 1925. She had both small and large roles in more than fifty films and television programs. She appeared on the small screen in the 1960 series '*The Avengers*' and played Pussy Galore in '*Goldfinger*' with Seán Connery in 1964. In later years she appeared in that hospital series '*Casualty*'. She is still alive.



Honor Blackman

## AG FOGHLAIM ÓNA CHÉILE

Scott de Buitléir

Is breá liom é nuair a dhéanann eachtrannaigh iarracht chun focal Gaeilge nó dhó a fhoghlaim – an focal is coitianta ná '*sláinte*'! Is iontach an rud é, áfach, ná nuair a thagann eachtrannaigh chun cúrsa Gaeilge a dhéanamh, bíodh chun triail a bhaint as nó chun tuiscint níos fearr a fháil ar ár dtír.

Sa rang nua s'agam, tá Ceanadach amháin, beirt Shasanach agus Gearmánach ag tosú leis an teanga. Thosaigh mé le hiarraidh orthu iad féin a chur in aithne dá chéile; an focal "*mise*" agus a n-ainm a rá – "*ar nós Tarzan*", a dúirt mé. Agus gáire ligthe amach uathu, tá an turas tosaithe acu, agus mar a deirtear, tús maith, leath na hoibre.

Tá formhór mo ranga nua faoi aois 35, agus toisc sin, is lú an bagáiste nó na droch-chuimhní dá bhfuil ag na daltaí Éireannacha don teanga. Tá buntáiste faoi leith ag na heachtrannaigh, sa bhealach seo, mar tá cineál '*carte blanche*' acu roimh an teanga. Bíonn siad fiosrach faoin teanga agus faoin chaoi a noibríonn sí; conas focail a fhuaimniú i gceart, cén fáth go dtugann an 'h' fuaim nua do litreacha áirithe, agus cén fáth go ndeir muid '*Gaeilge*' ach amháin an cailín as Béal Feirste sa rang, a dheir '*Gaeilig*'. San áit a cheapfeadh Éireannaigh gur ciotach an rud í an Ghaeilge, baineann an t-eachtrannach sult as éagsúlacht na teanga.

Ag deireadh an chéad ranga, bhí na daltaí in ann frásaí nua-fhoghlamtha a úsáid lena chéile, agus lean mise ar aghaidh chuig caifé deas i gCeathrú Iodálach na príomhchathrach. Tagann freastalaí cairdiúil as an tSlóvaic amach chun fáilte a chur romham, le Gaeilge bhreá Shlóvacach! "*Á, conas atá tú, mo chara?*" a dheir sé le miongháire mór air. Táim dulta i dtaithí ar a chuid bheag Gaeilge faoin tráth seo, agus is cuimhin liom á cheistiú conas a raibh cúpla focal aige. Toisc go bhfuil sé ag iarraidh cur faoi in Éirinn, a mhínigh sé, bhí sé ag iarraidh gach rud de chultúr na tíre seo a fhoghlaim agus a thuiscint – an teanga san áireamh.

Seans maith, sílim, gur féidir linne go leor a fhoghlaim ó na hÉireannaigh Nua seo.

## FÉINPHICEANNA ("Selfies")

le Síobhán Ní Riabhaigh

Rud nua i saol an déagóra (agus an duine fásta) inniu ná an '*selfie*'. Céard é seo deir tú? Is grianghraf eile é an '*selfie*' - grianghraf a thógann duine dó / di féin. Tá clú agus cáil ar an bhfocal seo i saol an duine óige inniu. Sa bhliain 2013, cuireadh san fhoclóir Béarla *Oxford* é an focal '*selfie*'. Ach ní rud nua é seo. Ba í ceann de na chéad duine a rinne '*selfie*' ná Ard-Bhandiúc na Rúise, Anastasia Nikolaevna, sa bhliain 1913. In am nua-aimseartha, d'fhorbair an '*selfie*' le húsáid a bhaint as líonraí sóisialta m.sh. *Facebook*, *Instagram*, srl. Tógann an duine grianghraf dó / di féin le fón póca nó ceamara digiteach agus uaslódáiltear é ar líne. Ar dtús, tógadh '*selfies*' os comhair scátháin, ach anois tá tóir ar "*front*" ceamara a úsáid. Sa lá atá inniu ann tagann roinnt de na fóin cliste le ceamara normálta ar chúl an fóin agus le ceamara ar an taobh tosaigh freisin (m.sh./ *i-phone i-pod touch*, HTC, agus Samsung). Is slí níos éasca é seo chun '*selfie*' a thógáil mar is féidir leis an duine féachaint ar an scáileán agus é / í ag tógáil grianghraf dó / di féin. Tá go leor aipeanna ar fáil anois agus is é an príomhchuspóir atá acu ná daoine a spreagadh '*selfies*' a thógáil. Aip amháin mar seo is ea é *Snapchat* - is féidir leis an ngrianghrafadóir pictiúr a thógáil agus trácht a scríobh ag míniú an ghrianghraif. Is é an cheist atá agam anois ná: Cé chomh fada is a chaithfidh an '*selfie*' inár saolta? An ndéanfaimid dearmad air i gceann cúpla bliain nó an mbeidh an '*selfie*' fós inár saolta i ndeich mbliana agus sa todhchaí ina dhiaidh sin?



Áras an Uachtaráin. Turasanna saor in aisce. Bailigh ag Ionad an Chuirteora (*Visitors Centre*) i bPáirc an Fhionnuisce 10.30 am & 3.30 pm i gcomhair do thicéad.

Ard -Eaglais Chríost, 15-17 Márta margadh faoin spéir / bia an domhain / ceol Gaelach / stáiníní, 10.30 am & 3.30 pm.



## LÁ FHÉILE PÁDRAIG Á gCEILIÚRADH AR FUD NA CRUINNE



TABLE MOUNTAIN



MOSCÓ



SEICEAGÓ



SIDNÍ



LONDAIN



CÓBANHÁVAN

Mar is léir ó na grianghraif thuas ceiliúrtar Lá Fhéile Pádraig na hÉireann ar fud an domhain. Cén fáth é seo? An é go dteastaíonn tíortha eile bheith cairdiúil linn? Cad chuige mar shampla go gcuireann daoine dath uaine ar Table Mountain san Afraic Theas nó ar na Pirimidí san Éigipt. Is ceist suimiúil í sin.

## NAOMH PÁDRAIG

Deir na saineolaithe gur rugadh Pádraig sa Bhreatain Bheag sa cheathrú haois AD. Deagánach (**deacon**) ab ea a athair, Calporius agus sagart ab ea a sheanathair, Potitus. De réir traidisiúin fuadaíodh é ag foghláí mara agus tugadh go hÉirinn é nuair nach raibh sé ach 16 bliana d'aois. Bhí sé ina sclábhaí anseo ar fad sé bliana ag obair mar aoire ar Shliabh Mis, Co Aontroma. D'éalaigh sé agus d'fhill sé ar an Bhreatain Bheag. Ach chuala sé glór na hÉireannaigh ag glooch air arís agus arís agus faoi dheireadh chuaigh sé ar ais go hUlaidh, áit ar fhoghlaim sé Gaeilge agus ar chuir sé aithne ar an bpobal. Ba Chríostaí é agus thug sé creideamh na Críostaithe do na daoine. Tá dhá scríbhinn fágtha dúinn ag Pádraig, an *Epistola* (litir chuig Coroticus, fear a rinne ionsaí ar iompaithigh (**converts**) Phádraig) agus an *Confessio*, scríofa níos déanaí ina shaol agus a thosaíonn leis na focail, *Ego Patricius peccator rusticissimus* ("Is mise Pádraig peacach agus tuathánach"). Tá a lán scéalta faoi Phádraig. Deirtear gur mhínigh sé rún na Tríonóide Naofa tríd an tseamróg a raibh trí dhuilleog uirthi (níl an scéal seo le fáil ach ó 1726 AD) agus gur dhíbir sé na nathracha (**snakes**) ó Éirinn. Deir cuid de na daoine gur ghá dó teacht ar ais arís!



## SUÍOMH SUIMIÚIL AR AN IDIRLÍON

<http://www.confessio.ie/#>


## SAINT PATRICK'S CONFESSIO

Read what St Patrick actually wrote in his own words

 Search

HOME | Confessio/Epistola | Manuscripts/Prints | Special Features | About

Más maith leat focail Naoimh Pádraig féin a léamh sa Laidin, i nGaeilge agus i dteangacha eile féach ar an suíomh seo. Tá íomhánna de na lámhscríbhinní ina bhfuil an *Confessio* de Phádraig le feiceáil ó Leabhar Ard Mhacha (9ú hAois) agus ó chinn níos déanaí. Tá comhad fuaime (**audio file**) (i mBéarla) den *Confessio* agus aistí faoi Íomhá an Naoimh sna healaíona thar na céadta agus aistriúchán de *Bheatha Naomh Pádraig* le Muirchú. Suíomh spreagúil é do dheireadh seachtaine na féile! Féach air.

# CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-3

TRASNA

síos



- 1 player (7)
- 8 procession (8)
- 9 squeaking (7)
- 11 quay (2)
- 12 organisation (10)
- 17 slaughter (2)
- 18 rose (3)
- 20 taken (4)
- 22 sympathy (2)
- 23 heavy (4)
- 25 interview (8)
- 26 brake (6)
- 27 physician (3)
- 28 prompt (3)
- 30 improvement (7)
- 31 pure (3)
- 32 nephew (3)
- 33 egg (3)

- 2 freezing (3)
- 3 night (5)
- 4 road (6)
- 5 extract (3)
- 6 grey (5)
- 7 clever (4)
- 10 pay (3)
- 13 peculiar (8)
- 14 axe (3)
- 15 ravings (9)
- 16 anguish (3)
- 19 doctor (8)
- 20 active (9)
- 21 ferocious (9)
- 22 restaurant (7)
- 24 foolish woman (8)
- 29 close (3)



## CUARDACH FOCAL 3

an chistin/the kitchen

F	S	R	Ó	T	N	Á	I	A	E	H	G	A	R	I
R	N	T	N	N	Á	T	H	C	O	I	R	F	R	N
C	N	O	Á	N	C	U	I	S	N	E	O	I	R	A
T	A	S	G	N	R	Ó	A	I	T	L	Ó	S	R	N
Á	E	T	A	A	O	L	C	F	S	T	A	E	I	R
N	H	Ó	R	R	H	S	L	A	N	S	O	N	O	I
P	G	S	C	A	C	D	C	A	I	I	D	F	L	Ó
A	I	T	H	I	L	U	L	L	T	R	A	R	S	D
S	O	A	T	R	A	H	M	E	Ó	S	É	T	C	A
H	S	E	N	T	G	D	O	A	R	I	T	Á	O	M
G	A	R	T	S	E	I	E	H	S	E	R	I	N	O
L	T	S	Ú	A	R	O	R	E	O	C	N	N	Á	I
I	R	L	A	E	T	R	I	O	D	R	Ó	I	T	R
R	O	A	C	S	D	T	Ú	F	T	N	E	I	S	T
F	O	N	Á	P	S	A	S	Á	P	S	A	S	R	L

Citeal (Kettle)	Iarann (Iron)
Cócaireán (Cooker)	Oigheann (Oven)
Cuisneoir (Refrigerator)	Reoiteoir (Freezer)
Cumascóir (Blender)	Sáspan (Saucepan)
Doirteal (Sink)	Stánoscloir (Can-opener)
Folúsghlantóir (Vacuum cleaner)	Súire (Juicer)
Friochtán (Frying-pan)	Tóstaer (Toaster)
Galchorcán (Steamer)	Triomadóir (Dryer)







## AG ROTHÁÍOCHT SA CHATHAIR

le Áine Máire Nic Ráine

Is breá liom an tsaoirse ar mo rothar. Ní bhím ag fanacht ar an mbus, nó ag dul as mo mheabhair leis an trácht. Ní bhíonn orm peitreal, cáin nó árachas a cheannach. Ní bhíonn inní orm faoi áit a fháil chun rothar a pháirceáil. Foirfe, nach bhfuil? Bhuel, b'fhéidir.....

Bíonn m'éadaí báistí agam ach níl a fhios agam cén t-am is fearr leis na héadaí seo a chur orm. Go minic, caithfidh mé m'éadaí báistí a chur orm ar imeall an bhóthair..an-náireach! Bíonn mo gheansaí, hata, charbhat agus lámhainní agam freisin, ach píosa le píosa cuirim i mo phócaí iad má bhím ag éirí te. Mar sin, sroichim m'obair ag cur allais, le m'aghaidh chorera agus mo phócaí lán le héadaí cniotáilte! Nuair a cheannaigh mé mo rothar, dúirt an siopadóir “Níl aon rothar eile in Éirinn chomh héadrom le seo”. Iontach, ach cheannaigh mé dhá ghlas mór agus tá an rothar bocht chomh trom le heilifint anois! Cuirim é faoi ghlas in aice le rothar eile le glas lag, mar b'fhéidir go dtógfadh an gadaí an rothar sin in áit mo cheannsa! Tá mé ag dul go dtí Ifreann.



Maidir le mo shábháilteacht féin, bím clúdaithe le soilse. Tá siad ar mo lámh, mo chos, mo rothar, mo mhála.....gach áit! Nuair a fheiceann tú crann Nollag ag rotháíocht i lár na cathrach, is í sin mise.

D'ainneoin na fadhbanna seo, is breá liom bheith ag rotháíocht. B'fhéidir anois is arís, téigh go dtí d'obair ar do rothar in áit do charr agus beidh sé ar leas do chroí agus an timpeallacht.....beidh do scamhóga buíoch díot!

Bhí mé san Ollainn agus chonaic mé teaghlach iomlán ar rothar amháin. Bhí an athair ag rotháíocht, bhí an máthair ar an iompróir, bhí an buachaill beag ar an trasnán agus bhí madra sa chiseán! An lá nuair a fheicfidh mé sin in Éirinn, beidh fhios agam ansin go bhfuil an rotháíocht glactha i saol laethúil anseo in Éirinn freisin.


## FRÁSAÍ

tá báisteach air (*it looks like rain*); tá fíoch orm leis (*I'm furious with him*); slog a bhaint as rud (*to take a swig out of something*); is cosúil é (*so it seems*); ní taise domsa é (*it is the same with me*); tá lámh is focal eatarthu (*they are engaged to be married*); go hiomaí (**many a time**); d'uireasa (*for want of...*)

### CROSFHOCAL BG XBG-2: RÉITEACH



### CUARDACH FOCAL 2: RÉITEACH



## FÍORAIS FÍRÉANTA

Casann sciatháin leathair (**bats**) ar chlé nuair a eitlíonn siad as a bpluais (**cave**)!  
I North Carolina níl cead ag madraí nó cait troid a thabhairt—tá sé i gcoinne an dlí!

## SHAMROCK ROVERS - RUAIGIRÍ NA SEAMRÓIGE

le S.R. Green-White

Bunaíodh Shamrock Rovers, an fhoireann pheile sacair is cáiliúla sa Phoblacht i 1901. Eascraíonn an t-ainm ó Ascaill na Seamróige ([Shamrock Avenue](#)) nach bhfuil ann níos mó, áit a gcasann An Rinn ([Ringsend](#)) agus An Baile Gaelach ([Irishtown](#)) le chéile. Cláraithe leis an tSraith Chomórtas Sinsear Laighean ([Leinster Senior League](#)) bhí an chéad dá bhliain tugtha do chluichí cairdeachais ([friendly matches](#)). Toisc gur theip ar Rovers páirc imeartha príobháideach a fháil dóibh féin, bhí orthu éirí as an sacar i 1906. Tar éis dóibh aiséirí i 1914 mar bhall den Sraithchomórtas Sóisearach Laighean ([Leinster Junior League](#)) agus an bua á bhaint acu ag an gcéad babhta, chuir Rovers iarratas isteach arís chuig an tSraith Sinsear Laighean ([Leinster Senior League](#)) ach arís, gan áit dár gcuid féin acu bhí orthu slán a fhágáil don sacar go dtí 1920 nuair, mar bhall den tSraith Shóisir Laighean ([Leinster Junior League](#)), fuair eadar páirc i Windy Arbour. Baineadh

ballraíocht den Sraithchomórtas Sinsear Laighean amach arís agus ina chéad bhliain ag imirt bhuaigh siad an tSraith agus bhí na 'hoops' (ag imirt ansin ina stríoca uainí agus bána) ina neasóirí ([runners-up](#)) ar St. James's Gate FC sa Chorn. Chuaigh siad isteach i Sraith na hÉireann ([League of Ireland](#)) i 1922 nuair a bhog Rovers go dtí Baile an Mhuillinn ([Milltown](#)), áit ar d'fhanadar ann go dtí 1987.

Nuair a dhíol Clann Kilkoyné Glenmalure Park do na forbróirí d'éirigh Rovers ina bhfíor fánaithe ag imirt a gcluichí baile i [Tolka Park](#), an [RDS](#), [Dalymount](#) agus [Richmond Park](#). D'imir siad cluiche bhaile ([home game](#)) amháin fiú i gCorcaigh! I 2009 bhí páirc bhaile ([home ground](#)) nua ag Rovers i Staid Thamhlachta ([Tallaght Stadium](#)) agus imríonn siad anois a gcuid cluichí sa staid sacair is fearr in Éirinn – mar is cuí don Chlub is fearr in Éirinn. Ar a mbealach chuig an suíomh ina bhfuil siad faoi láthair, tá an t-uafás Sraitheanna agus Corn ([Leagues and Cups](#)) buaite ag



Rovers agus ba iad an chéad chlub de chuid Sraithchomórtas na hÉireann ([League of Ireland](#)) chun bheith páirteach i gCorn na hEorpa ([European Cup](#)). Tá na coimhlintí móire tar éis teacht i réim thar na blianta go mór mór le [Bohemians FC](#) agus is ócáidí bríomhara iad cuma cé leis a mbíonn an bua. Tá an-fhonn ag gach foireann an lámh in uachtar a fháil ar Rovers mar is sinne an fhoireann is fearr – tá sé chomh simplí sin!

## CRAOBHCHOMÓRTAIS CHLUBANNA NA hÉIREANN le Ciarán Ó Foghlú

Lá an-tábhachtach don CLG is ea Lá Fhéile Pádraig, lá cluiche cheannais Chraobhchomórtais Chlubanna Pheile agus Iománaíochta i bPáirc an Crócaigh. Bunaonad an CLG is ea an Club. Bíonn an-suim sna cluichí ceannais agus an-tacaíocht dóibh ar fud na tíre. Chun imirt sa Chluiche Cheannais b'éigin do chlub ar dtús a bheith ina curaidh ([champions](#)) ina chontae féin. Ansin imríonn siad i gcoinne churaidh chontaetha eile go dtí nach bhfuil ach dhá chlub fágtha. San iománaíocht an bhliain seo tá "[Portumna](#)," as Gaillimh ag imirt i gcoinne "[Mount Leinster Rangers](#)," as Ceatharlach. Seo an chéad uair d'fhoireann as Ceatharlach bheith sa chluiche ceannais. Tá feabhas mór san iománaíocht sa chontae sin le cúpla bliain anuas agus tá "[Mount Leinster Rangers](#)" ag tús na réabhlóide sin. Tá an fhoireann láidir agus tapa agus tá na scileanna go léir acu. Bhuaigh siad ar fhoirne láidre mar "[Oulart the Ballagh](#)" as Co. Loch Gorman agus [Botharnabreena St. Enda's](#) as Baile Átha Cliath. Ar an taobh eile tá a lán taithí ag [Portumna](#). Bhuaigh siad an Chraobh chéanna trí huair sna deich mbliana atá imithe. Chomh maith le bheith ina fhoireann láidir, tá imreoir iontach acu darb ainm Seosamh Ó Cainín ([Joe Canning](#)). Is fiú dul chuig cluiche chun é a fheiceáil. Sílim féin gur é an t-imreoir is fearr a chonaic mé ó aimsir an Chorcaígh Christy Ring. Mar gheall air is dócha go mbeidh an bua ag [Portumna](#) ach beidh orthu bheith ar a ndícheall. Sa chluiche ceannais peile tá dhá chlub a bhfuil a lán taithí, clú agus cáil orthu - Naomh Uinseann as Baile Átha Cliath agus [Castlebar Mitchells](#) as Mhaigh Eo. Seo an chéad uair do na foirne bualadh le chéile i gcomórtas. Tá an dá fhoireann an-láidir. Sílim go mbeidh an cluiche cothrom agus tá sé an-deacair a bheith cinnte faoin toradh. B'fhéidir nach mbeidh ach aon speach den pheil idir an dá fhoireann sa deireadh.

